AMÁRAĊ 3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Aḃar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

iml. 11. uiṁ. 26. 2ú iúl, 1965.

eagarfocal. 2-7-65.

SARÚ CEARTA

An tseaċtain seo caite, ḃí tuairisc againn ar an ṗáipéar seo, faoi rud a ṫárla i gCiarraí an tseaċtain roiṁe sin. Ṫuigfeaḋ duine é dá dtárlaíoḋ sé caoga, nó seasca nó seaċtṁó bliain ó ṡin. Aċ, ní an uair sin a ṫárla sé, aċ tá coicís ó ṡin, i mbliain 1965 — beagnaċ caoga bliain taréis 1916, agus 46 bliana taréis bunú an Stáit seo.

Tá daoine ann naċ gcreideann go ḃféadfaḋ a leiṫéid ṫárlú. Tá daoine ann naċ gcreideann gur ṫárla sé gur diúltaíoḋ cás dlí a éisteaċt i nGaeilge, nuair a d'iarr an duine príoṁáideaċ a ḃí i gceist, Proinn-sias Ó Mianáin, gur i nGaeilge a d'éistfí é. Aċ, tarlaíonn sé sin agus ṫárla an cás dlí seo i gCiarraí, tá coicís ó ṡin.

Ṫug Coimisiún Talún na hÉireann cás dlí i gcoinniḃ feilméara, as Fíor-Ġaeltaċt Ċiarraí, ag Baile an Ḟeirtéiriġ, cás go raiḃ a ṡlí beaṫa agus a ṡaol ag braṫ air. Cuireaḋ iomlán imeaċtaí an ċáis seo agus an páipéaraċas a ḃaineann leis ar siúl i mBéarla, ag oifigeoirí agus dlíodóirí Coimisiún na Talún, cé go raiḃ ḟios acu go maiṫ gurb í an Ġaeilge gná-ṫeanga an duine go raiḃ siad á ċúisiú.

Níor ċuir sé sin as dóiḃ ar aon tslí. Ċuaiġ siad ar aġaiḋ, go dtug siad an cás seo os coṁair na Cúirte Cuarda i dTráiġlí. Ní raiḃ náire, ná ceann-fé orṫa ag tabairt an ċáis seo as Béarla, agus ḋá aḋmáil sin go poiblí. Is dóċa gur beag a ḃeaḋ fé, dá dtagaḋ an cosantóir ós coṁair na Cúirte, agus go bpléifí an scéal i mBéarla, agus fear tean-gan a ṫabairt don ċosantóir. Aċ, níor ṫáinig an cosantóir os coṁair na Cúirte, in aon ċor, agus b'éigin don Ḃreiṫeaṁ maċnaṁ a ḋéanaṁ faoi, agus laḃair sé ċoṁ láidir agus a ṫiocfaiḋ le Breiṫeaṁ i gCúirt oscailte, laḃ-airt, faoi an rud náireaċ a ḃí ḋá ḋéanaṁ ag Coimisiún na Talún, agus ṫairis sin arís, ċuir sé an cás siar go ḃfaiġeaḋ sé cruṫú gur ṫuig an cosantóir cad a ḃí ar siúl.

Nílimíd ag baint do ċeartas an ċáis ċor ar biṫ, aċ is gnó do ṗobal na tíre, agus do ṗobal na Gaeltaċta, aċ go h-áiṫ-riḋ, a leiṫéid de rud a ṫárlú i mbliain seo 1965. Tá Roinn na Gaeltaċta ann le beagnaċ deiċ mbliana. Tá ceantar oifigiúla na Gaeltaċta leagṫa síos de réir ordú Rialtais, ar feaḋ beagnaċ an am céanna, ó 1956, aċ, ina aineoin sin, lean Oifigeoirí Ran-na Rialtais, agus Oifigeoirí údaraisí áitiúla ar aġaiḋ, ag déan-aṁ gnó i mBéarla le pobal na gceantar seo, dena ndeon, nó dena n-aineoin, gan meas dá laġaḋ do ṫaispeáint do gnáṫean-ga an ṗobail.

Dúramar é sin arís agus arís eile, gur beag an ṁaiṫeas Roinn fé leiṫ Rialtais a ḃeiṫ i mbun na gceantar seo agus in ainm a ḃeiṫ i mbun slánú na Gaeltaċta, ḟad agus ḃí ċuile Roinn eile ag brú ar aġaiḋ an Béarla, deiċ n-uaire ċoṁ tréan agus a ḃí Roinn na Gaeltaċta ag caoṁnú na Gaeilge.

Is léiriú maiṫ, agus cruṫú maiṫ ar a gcuid cainte an rud a ṫárla i gCiarraí, mar ba é an Roinn a ḃí freagarṫaċ as an gníoṁú uafásaċ seo, nó Roinn Tailte, an roinn céanna go ḃfuil an tUasal Miċeál Ó Móráin, ina Aire air — fear atá ina Aire Gaeltaċta ċoṁ maiṫ. Anois, an féidir le cur-i-gcéill a ḋul mórán níos fuide, ná an tAire aṁáin a ḃeiṫ ag coṁairliú agus ag gríosaḋ pobal ċun an Ġaeilge do ċoimeád agus do úsáid i gcónaí, agus ag tabairt breabanna beaga dóiḃ ċun an Ġaeilge d'úsáid, ⁊ ag diúltú deontaisí do ḋaoine as naċ mbíonn siad ag baint úsáide as an Ġaeilge, agus ansin, an tAire céanna, i mbun Roinn eile, a ḃeiṫ ag cur imeaċtaí ar siúl ag déanaṁ magaḋ agus neaṁ-ṡuim don Ġaeilge ar fad, agus ag cur foréigin ar ṗobal gurb í an Ġaeilge a ngná-ṫeanga, gnó a ḋéanaṁ leis féin agus leis na Ranna Stát a mbaineann sé leo as Béarla.

Ní leor leiṫscéal agus dearmad do ċás mar seo. Ba ċeart go mbeaḋ fiosrú poiblí fá ṁionna, ar cé a ba ċúis lena leiṫ-éid do ḋéanaṁ. Ba ċeart go mbeaḋ ordú cinnte go gcaiṫfeaḋ oifigeoirí poiblí gnó do ḋéanaṁ leis an ṗobal i ngnáṫeanga an ṗobail, nó san teanga is roġa leis an ṗobal. Ba ċeart fógra poiblí ó ċeann an Rialtais go ḃfuil ceart ag gaċ duine sa tír, go ndéanfaḋ Ranna an Rialtais, agus Institiúidí an Stáit, gnó leis insan gnáṫeanga s'aige féin, agus naċ mbeaḋ duine ar biṫ den ṗobal i muinín fear teangan ag plé le cúirteanna nó le Rial-tas.

Is bun ċeart é sin, a ba ċeart a ḃeiṫ ag an ṗobal gan tráċt ar biṫ ar an aṫḃeoċaint. Is miṫid, agus is lán miṫid, an ceart sin a ḋearḃú go poiblí do ṗobal na Gaeltaċta.

Bord Oibreaċa Poiblí agus Dún na nGall

Ag caint faoi an Ḃóta do Ḃord na nOibreaċa Poiblí, dúirt Pád-raic Ó Doṁnaill, T.D., sa Dáil, go dtug sé fé ndeara naċ ndearna an tAire tagairt do Ḋún na nGall aċ ḋá ċás, faoi obair a ḃí le déanaṁ ag Caisleán na lTuaṫ, agus soláṫar do deisiúċán agus draenáil ag abainn Súilí. Taoḃ amuiġ de sin, fágaḋ Dún na nGall amaċ ar fad as an meastaċán.

Ḃí gearán aige nuair a d'iarr-faí obair Deontas Tarṫála i nDún na nGall, go nḋéarfaí leo go ḃféadfaí Improvement Grant a ḟáil aċ, insan ċás sin ba ġá sintiús áitiúil a ḃei ann. Ḃí sin an deacair do condaeṫa boċta mar Dún na nGall. B'ḟearr i ḃfad dá ndéantaí na deontaisí seo faoi scéim minor relief, fé mar a ḋéantaí roiṁe.

Nuair a ḃí an t-Eadar-Ṗáirtí i gcuṁaċt ní raiḃ le h-íoc aċ 5 p.c. mar sintiús áitiúil, aċ má ḃí an rúnaí pairliminte le é a árdú ċoṁ h-árd le 50 p.c. mar adúirt sé ina óráid ar an Meastaċán, ba rud tromċúiseaċ ar fad é sin.

Dar leis, adúirt an tUasal Ó Doṁnaill, gur ċeart aire ar leiṫ a ṫabairt le scoltaċa móra paráiste a tógáil agus gléas taistil a ċur ar fáil do na scol-áirí le iad a ṫabairt ċun na scol-taċa seo, mar ní ḟéadfaḋ na páis-tí óna scoltaċa aon-oide a ḃeiṫ ag coiṁlint ins na scrúdúċáin le páistí ó scoltaċa móra.

An Doċtúir Sar-Oirṁ. A. C. Mac Fiċeallaiġ, Easbog Raṫboṫ, ag beannú an tslua taréis a ċois-reacta in Árd Teampall Naoṁ Adaṁnáin Dé Doṁnaiġ. Ar ċlé tá Nuncio an Ṗápa, an Dr. Sar Oirṁ. G. Sensi, agus ar ḋeis an Dr. Sar Oirṁ. N. Ó Fearráin, Easpog Doire a ċoṁċoisriġ an tEasbog nua leis an Cairdinéal Ó Conbuí.

An dara pictiúr: An Dr. Sar Oirṁ. Mac Fiċeallaiġ leis na coṁċoisricṫeoirí agus na hEas-boig a ḃí i láṫair ag an tearman-as Dé Doṁnaiġ.

IS FEARRA DÍḂ ÉISTEAĊT LINN

Rabaḋ ó Coiste Rátaí Ṁuiġeo

Mí Ṁárta gaċ bliain, is mó duine a ḃíos ag caint fá rátaí éagóraċ an Iarṫair, aċ go minic, déantar dearmad dó taréis an Aibreáin, go ceann bliana eile.

Ní hé sin é do Coiste Ṁuiġeo, agus tá siadsan ċoṁ céillí agus go ḃfuil siad ag leanúint don scéal ar fad.

Scríoḃ siad ċuig Niall Ó Bléine, T.D., Aire Rialtas Áitiúil an tseaċtain seo caite, agus dúirt siad go lom leis go mb'ḟearra do féin dá nglacfaḋ sé toscaireaċt gan a ṫuilleaḋ moille. "Tá muid ag íoc níos mó ná dúbailt na rátaí atá ḋá n-íoc i gCo. na Míḋe, do seirḃísí i ḃfad níos lú"—scríoḃ Seán Mac Aoḋ Buí, Rúnaí Coiste Rátaí Ṁuiġeo.

"Cinnte, ba ċeart gur leor é sin, le cúis a ṫabairt dúinn fá ċoinne agallaṁ leat"—adúirt sé. 'Na ṫeannta sin, do luaiġ sé go ḃfuil 600 tiṫe ḋá ndúnaḋ gaċ bliain i Muiġeo.

Scríoḃaḋ an litir ċun agallaṁ a ḟáil leis an Aire ċun a ċur ós a ċoṁair na rátaí ró-árda a ḃí ag gníoṁú i gcoinniḃ pobal Ṁuiġeo, agus i gcoinniḃ forbairt san am i láṫair, agus san am le teaċt.

Ionadaiṫe ó N.F.A., I.C.A., Muintir na Tíre atá ar an ċois-te. Fuair siad litir ċeana ón Aire, nuair a ḃéarfaí áḃar clár dó, go ḃféaċfaí fá scéala tos-caireaċt. Tugaḋ áḃair an ċláir dó, agus níl freagra fós.

Ar an 20ú lá de Aibreán, tar-éis litir eile a ċur, fuair siad scéala go raiḃ dul ċun cinn ḋá ḋéanaṁ de ṫairḃe fiosrú ceist rátaí an Iarṫair, agus go rabṫar ag coinneáil cuiṁne ag tuilleaḋ faoisiṁ a ṫabairt don Iarṫar. Dúirt an tAire gur ċeart mol-taí ar biṫ a ḃí ag an ċoiste a ċur isteaċ mar ṁeamram. Dá gcuirtí a leiṫéid de meamram ċuige, dúirt sé go ndéanfaḋ na coistí a ḃí ag scrúdú an scéil fiosrú air.

Ag an ċruinniú i gCaisleán an Ḃarraiġ, ní raiḃ coiste Rátaí Ṁuiġeo sásta leis seo ċor ar biṫ. Dúirt siad naċ raiḃ ann aċ ċur ó ḋoras, agus d'iarr siad ar an rúnaí scríoḃaḋ ṫar ais ċuig an Uasal Ó Bléine, agus san litir seo rinneaḋ tagairt don méid adúirt Tiarna aEspag Ċill Al-aiḋ, gur ċeart an coṫrom céanna a ṫabairt do Ṁuiġeo agus a ḃí ag condaeṫa eile, níos saibre.

In óráid taréis oscailt Min-féar Teo., ag Gaoṫ Sáile, dúirt an Dr. Ó Baoill go raiḃ na rátaí i gCo. Ṁuiġeo níos áirde ná áit ar biṫ eile sa tír, agus gur ċeart sagas éigin faoiseaṁ a ḃeiṫ ann, tré sintús ón ċiste lár. Dúirt an Coiste Rátaí naċ mbeaḋ an Coiste sásta ċor ar biṫ le bris-eaḋ agus páistí anseo 's ansiúd.